

Is é **CORU** an rialtóir i dtaobh na ngairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Tagann an t-ainm **CORU** ón bhfocal Gaeilge “cóir”. Rialáimid na daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

Is é ról **CORU** an pobal a chosaint ach ardchaighdeán iompair ghairmiúil, oideachais, oiliúna agus inniúlachta a chur chun cinn trí chlárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Éilíonn an próiseas clárúcháin ar aon duine atá ag cleachtadh faoi cheann de na teidil a rialaíonn muid clárú le **CORU**. Cuireann sé sin ar ár gcumas a chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha oideachais, go leanann siad Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice agus go bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu ag an nGarda Síochána.

Cuid thábhachtach den fheidhm atá ag **CORU** maidir leis an bpobal a chosaint is ea teidil a chosaint. Tá daoine cláraithe i dteideal an teideal a úsáid atá ainmnithe dá ngairm. Is cion coiriúil é do dhuine neamhchláraithe teideal cosanta a úsáid agus tá sé de chúram ar Fhoireann Forfheidhmithe **CORU** úsáid líomhnaithe teideal cosanta ag daoine neamhchláraithe a imscrúdú agus, nuair a bhíonn dóthain fianaise ann, ionchúiseamh a dhéanamh.



Is féidir le gach gairmí atá cláraithe le **CORU** ceadúnas a fháil chun Lógó Cláraithe **CORU** a úsáid (féach thuas). Bí ag faire amach don lógó ar cártaí gnó, ábhair mhargaíochta, stáiseanóireacht agus láithreáin ghréasáin. Deimhniú é an lógó go bhfuil an gairmí sláinte agus cúraim shóisialta atá ag soláthar cúraim duitse nó do do theaghlach cláraithe le **CORU**.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig:


www.coru.ie

Oifig:
CORU
Foirgneamh Infinity
Cúirt San Seirse
Lána San Seirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
DO7 E98Y

Ríomhphost:
info@coru.ie

Teil:
01 293 3160

Na meáin shóisialta:



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh
Regulating Health +
Social Care Professionals

An Pobal a Chosaint trí ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a rialáil



Gairmithe Ainmnithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Na gairmeacha a dhéanann CORU a rialáil:

- › Diatéitigh
- › Radharceolaithe Dáileacháin
- › Eolaithe Míochaine
- › Teiripeoirí Ceirde
- › Optaiméadraithe
- › Teiripeoirí Fisiciúla
- › Fisiteiripeoirí
- › Coslianna
- › Radagrafaithe
- › Teiripeoirí Radaíochta
- › Oibrithe Sóisialacha
- › Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- › Oibrithe Cúraim Shóisialta

Ní fada go mbeidh na gairmeacha seo a leanas á rialáil ag CORU:

- › Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- › Comhairleoirí
- › Ortopaigh
- › Síceolaithe
- › Síciteiripeoirí

Mar an rialtóir neamhspleách i dtaobh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta táimid freagrach as:

- › Gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar le Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a chuimsíonn na caighdeáin feidhmíochta a bhfuiltear ag súil leo agus iad ag cleachtadh ina ngairm.
- › Éileamh ar chomhlachtaí oideachais cáilíochtaí a chur ar fáil a ullmhóidh gairmithe chun cúram sábháilte, iomchuí a chur ar fáil.
- › Éileamh ar ghairmithe cláraithe tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach ionas go gcoimeádfaidh siad a gcuid eolais agus scileanna suas chun dáta.
- › Clár ainmneacha na ngairmithe siúd a chomhlíonann na caighdeáin shonraithe a fhoilsiú ar www.coru.ie.
- › Gníomh a ghlacadh tar éis gearán a dhéanamh trí imscrúdú a dhéanamh agus, más gá, éisteacht um fheidhmiúlacht chun cleachtadh a dhéanamh.



Cén chaoi ní is údar inní a ardú maidir le gairmí atá cláraithe le CORU

Is féidir linn gníomhú má thuiriscítear ní is údar inní tromchúisí dúinn maidir le cleachtas nó iompar gairmí sláinte agus cúraim shóisialta. Déanaimid é sin trínár bpróiseas um fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Má fhaighimid amach nár chomhlíon duine ár gcaighdeáin, féadfaimid beart a dhéanamh amhail a rá leo cleachtadh ar bhealach áirithe nó tabhairt faoi oiliúint bhreise. Sna cásanna is tromchúisí, is féidir linn stop a chur le cleachtadh gairmí.

Má tá ní ag cur inní ort, téigh chuig suíomh gréasáin CORU www.coru.ie le tuilleadh eolais a fháil nó déan teagmháil linn ar 01-293 3160.

